An Roinn Oideachais agus Scileanna

Cigireacht Ábhair ar Theicneolaíocht Ábhar (Adhmad) agus Staidéar Foirgníochta
TUAIRISC

Coláiste Mhuire
Tuar Mhic Éadaigh, Contae Mhaigh Eo
Uimhir Rolla: 64691Q

Dáta na cigireachta: 5 Nollaig 2011

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

TUAIRISC
AR
CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SAN TEICNEOLAÍOCHT ÁBHAR (ADHMAD) AGUS STAIDÉAR FOIRGNÍOCHTA

EOLAS MAIDIR LEIS AN GCIGIREACHT

Dáta na cigireachta	5 Nollaig 2011
Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu • Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha • Plé leis an bpríomhoide gníomhach agus leis an múinteoir • Caidreamh le scoláirí	• Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith cúig thréimhse ranga • Athbhreithniú ar obair na scoláirí • Aiseolas don phríomhoide gníomhach agus don mhúinteoir

PRÍOMHCHINNTÍ

- Breathnaíodh réimse sách leathan de dhea-mhodheolaíochtaí teagaisc in úsáid, obair ghrúpa dea-eagraithe san áireamh.
- Bhí foghlaim mhaith le tabhairt faoi deara sna ceachtanna.
- Rinneadh bainistíocht mhaith ar an seomra ranga, ar na ceachtanna agus ar fhoghlaim na scoláirí.
- Tá dul chun cinn suntasach déanta ar an gcóiríocht do na hábhair.
- Comhoibríonn múinteoir na n-ábhar teicneolaíochta le múinteoirí ábhar praiticiúil eile ag tabhairt faoin bpleanáil ábhair.

PRÍOMH-MHOLTAÍ

- Ba cheart tuilleadh forbartha a dhéanamh ar straitéisí agus modhanna chun scileanna litearthachta agus uimhearthachta na scoláirí i dteanga na scoile a fheabhsú.
- Ba cheart an córas measúnaithe leanúnaí a shonrú sa phlean ábhair agus a shoiléiriú do na scoláirí.
- Ba chóir a chinntiú go dtuigtear do thuismitheoiorí nach bhfuil táille as na hábhair a staidéar agus go bhfuil aon ranníocaíocht a dhéanann siad deonach.
- Ba cheart tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an bplean ábhair.

RÉAMHRÁ

Is meánscoil Ghaeltachta í Coláiste Mhuire lonnaithe i Maigh Eo faoi iontaobhacht Chomhlacht Thuar Mhic Éadaigh. Scoil lán-Ghaeilge is ea í. Tá 135 scoláire ag freastal ar an scoil idir bhuachaillí agus chailíní. Tá idirbhliain roghnach sa scoil ina gcuirtear modúl den Staidéar Foirgníochta (SF) ar fáil do gach scoláire. Cuimsíonn réimse na dteicneolaíochtaí sa scoil Grafaic Theicniúil chomh maith le Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad) (TÁA) sa timthriall sóisearach agus SF sa timthriall sinsearach.

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Bhí cáilíocht an teagaisc go maith i gcoitinne. D'úsáid an múinteoir modhanna teagaisc a thug deiseanna do na scoláirí a bheith gníomhach ina gcuid foghlama. Breathnaíodh obair ghrúpa éifeachtach, go háirithe agus scoláirí ag obair ar thionscadail dearaidh sa tríú bliain. Ba cheart a mheabhrú, áfach, an áit lárnach atá ag an gcruthaitheacht aonair sa TÁA agus í a bheith meáite leis an gcomhoibriú i gcaitheamh na bliana.
- Thaispeáin na scoláirí eolas agus tuiscint ar na hábhair trí na freagraí a thug siad ar cheistiú an mhúinteora agus a bhfreagairt don chigire. Ba léir ó na foinsí seo go raibh foghlaim éifeachtach ag tarlú.
- Bhí an seomra ranga dea-eagraithe, néata agus glan. Cleachtadh gnáthaimh éifeachtacha maidir le gnáthobair na gceachtanna a eagrú, obair phraiticiúil agus obair ghrúpa san áireamh. Réitigh na scoláirí go maith le chéile agus lena múinteoir. Chabhraigh an t-atmaisféar séimh chun timpeallacht fhoghlama mhaith a chruthú.
- Breathnaíodh dea-chleachtas maidir le measúnú neamhfhoirmeálta a bheith comhtháite leis an dteagasc. Is trí cheistiúchán is mó a cuireadh an dea-chleachtas seo i bhfeidhm. Bhí ceisteanna an mhúinteora meáite go maith chun dúshlán a sholáthar do scoláirí áirithe agus chun scoláirí i gcoitinne a dhearbhú agus a spreagadh. Choimeád an múinteoir súil ghéar ar dhul chun cinn na scoláirí aonair, ag aistriú idir scoláirí go rialta agus obair phraiticiúil idir lámha acu. Thacaigh an cleachtas seo go maith le foghlaim na scoláirí.
- Ba shoiléir don chigire nach raibh caighdeán na teanga ag roinnt scoláirí, go háirithe i rang amháin, sách ard chun go ndéanfaidís a gcuid oibre ar an mórchuid trí mheán na Gaeilge. Ba ghnáth an teagasc a dhéanamh go dátheangach. Ba é an Béarla príomhtheanga na n-acmhainní teagaisc a breathnaíodh in úsáid. Ní raibh straitéisí chun litearthacht na scoláirí a fheabhsú follasach sna ceachtanna a breathnaíodh. Moltar tuilleadh forbartha a dhéanamh ar straitéisí agus modhanna chun scileanna litearthachta agus uimhearthachta na scoláirí i dteanga na scoile a fheabhsú, scileanna labhartha san áireamh. Ba cheart pleanáil a dhéanamh ag leibhéal na ranna ábhair agus ag leibhéal na scoile uile chuige seo.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

- Déantar soláthar maith don TÁA agus SF i gcuraclam na scoile. Tá deis ag gach scoláire na hábhair seo a roghnú sa timthriall sóisearach agus sa timthriall sinsearach. Tá an córas roghnaithe ábhair cóir agus cothrom, go háirithe sa timthriall sinsearach nuair a phiocann scoláirí ábhair ó liosta iomlán na n-ábhar roghnacha i dtosach. Sa chás seo bunaítear na bandaí ábhar ar chéadroghanna na scoláirí. Is ábhar dóchais é fianaise go bhfuil ardú ar an líon cailíní atá ag roghnú na dteicneolaíochtaí sa scoil ó rinneadh cigireacht ar Líníocht Theicniúil (LT) agus SF cheana.

- Soláthraítear dóthain ceachtanna in aghaidh na seachtaine don TÁA agus SF, le ceacht dúbailte amháin do gach rang chun obair phraiticiúil a éascú. Tugadh faoi deara, áfach, gur ceacht triarach uair amháin sa tseachtain a chuirtear ar fáil don GT. Meabhraítear don scoil gur dúradh sa chigireacht ábhair ar LT agus SF a rinneadh cheana nach raibh an socrú seo feiliúnach ó thaobh leanúnachas san ábhar de.
- Cuirtear measúnú leanúnach i bhfeidhm go córasach ar obair na scoláirí agus cuirtear na measúnuithe seo san áireamh agus torthaí scrúdaithe na Nollag agus an tsamhraidh á réiteach. Is maith an cur chuige é seo. Chun breis spreagtha a thabhairt do na scoláirí ba chóir an measúnú leanúnach a dhéanamh pas beag níos foirmeálta. B'fhiú sonraí an chórais mheasúnaithe a léiriú sa phlean ábhair. Ansin d'fhéadfaí aiseolas cruinn a thabhairt do scoláirí go rialta ar thionchar na marcanna leanúnacha ar na torthaí atá tuartha dóibh ag an deireadh théarma.
- Tá córas éifeachtach i bhfeidhm chun acmhainní a sholáthar do na hábhair. Bailítear airgead ó thuismitheoirí ag tús na scoilbhliana chun tacú leis an gcóras seo. Ba cheart go dtuigfí do thuismitheoirí gur ranníocaíocht dheonach atá i gceist anseo agus é seo a shoiléiriú in aon tagairtí ábhartha i gcáipéisí na scoile. Ba cheart a chinntiú nach bhféadfaí a cheapadh go raibh táille le híoc as an TÁA nó SF a staidéar.
- Tá béim shuntasach ar an bhforbairt ghairmiúil. Baineadh leas iomlán as na deiseanna forbartha gairmiúla a cuireadh ar fáil tríd an seirbhís tacaíochta do na hábhair theicniúla, T[4]. Tá córas cuimsitheach i bhfeidhm chun tacú leis na hábhair mhúinteoireachta a dhéanann cleachtadh teagaisc sa scoil gach bliain. Tá réimse cúrsaí proifisiúnta curtha ar fáil don fhoireann teagaisc iomlán le blianta anuas, seisiúin ar ríomhaireacht agus measúnú chun foghlama san áireamh.

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

- Déanann múinteoir na dteicneolaíochtaí comhphleanáil i gcomhairle leis an múinteoir Eacnamaíochta Baile le linn laethanta pleanála ranna ábhair agus le múinteoirí eile ó am go chéile. Mar fhorbairt ar an dea-chleachtas pleanála seo moltar é a dhéanamh níos foirmeálta. Ba cheart clár oibre a aontú roimh ré agus taifead gonta ar gach cruinniú pleanála a chur leis na pleananna ranna ábhair. B'fhiú smaoineamh ar mhúinteoirí ábhar praiticiúil eile, Ealaín mar shampla, a bheith páirteach sa chomhphleanáil fhoirmeálta chomh maith. Ba cheart do bhaill na foirne pleanála ábhair níos cuimsithí seo an obair a chomhordú in uainíocht ar a chéile.
- Moltar go ndéanfaí tuilleadh forbartha ar an bplean ábhair. Ba cheart modheolaíochtaí teagaisc, acmhainní agus torthaí foghlama a shonrú i leith ábhar sonrach sa scéim oibre. Ba cheart machnamh ar na sonraí seo a thaifeadadh i gcolúin i bhfoirm tábla chun athbhreithniú bliantúil an phlean a éascú.
- Breathnaíodh dul chun cinn suntasach ar an gcóiríocht ar fáil do na hábhair ón uair dheireanach a rinneadh cigireacht orthu, dea-theist ar cháilíocht na pleanála. Tá béim cheart ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta. Moltar, ámh, glas a chur ar an lasta aonraithe leictreachais sa seomra adhmadóireachta agus na teimpléid curtha ar fáil ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta a úsáid don athbhreithniú bliantúil ar an bplean sláinte agus sábháilteachta.
- Coimeádtar taifid ar fhreastal agus dhul chun cinn na scoláirí. Tuairiscítear go rialta trí dhialann an scoláire, ag cruinnithe múinteoirí-tuismitheoirí agus sna tuairiscí scoile.

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinntí agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bpríomhoide gníomhach agus leis an múinteoir ábhair. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus tá freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an dtuairisc seo.

Aguisín

FREAGRA NA SCOILE AR AN TUAIRISC

Arna chur isteach ag an Bord Bainistíochta

Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile

Cuireann an Bord Bainistíochta fáilte roimh an tuairisc ina bhfuil meon deimhneach léirithe tríd síos. Molann an Bord bainistíochta an cigire as a deá-bhéasaí agus a ghairmiúlacht.

Réimse 2: Gníómhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur I bhfeidhm

Tá an Bord Bainistíochta agus foireann na scoile ag obair ar na moltaí a rinneadh sa tuairisc cigireachta.

Rinne foireann an choláiste cúrsa inseirbhíse ar litearthacht agus uimhearthacht i Dheireadh fómhair 2012.

Ta litir á chur chuig tuismitheoirí i mí na Samhna 2012 faoin rannaíocht deonach.

Tá glas curtha ar an lasta aonraithe leictreachais sa seomra adhmadóireachta.

Tá sonraí an chórais measúnaithe léirithe sa phlean ábhair.